

14394/26

FIN 1437
INST 359
PE-L 31

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	13822/26
Ábhar:	Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 19/2026 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2026

- *Formheas*
- *Formheas litreach*

1. An 2 Deireadh Fómhair 2026, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 19/2026, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais¹.
2. Mar a taifeadadh in 13822/26, is é is cuspóir don togra seo méid iomlán EUR 54.10 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais a aistriú ó Airteagail 10 02 01 (*an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF)*) agus 10 10 01 (*Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA)*) go hAirteagail 11 10 01 (*an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)*) agus 11 10 02 (*Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)*).

¹ Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>).

3. Is é is aidhm don aistriú ranníocaíocht an Aontais le Frontex a threisiú le EUR 41.60 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais, go príomha chun tacú le gníomhaíochtaí um fhilleadh agus um ath-imeascadh mar gheall ar bhrúnna oibríochtúla agus éileamh méadaithe ó na Ballstáit ar sheirbhísí Frontex, agus aghaidh á tabhairt ar na riachtanais bhuiséadacha a eascraíonn as an staid luaineach ag na teorainneacha seachtracha, go háirithe an ghéarchéim a bhí ann le déanaí in Ceuta.

Tá sé d'aidhm ag an aistriú freisin ranníocaíocht an Aontais le eu-LISA a threisiú le EUR 12.50 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais chun a riachtanais a eascraíonn as roinnt tosca a chumhdach, lena n-áirítear táirgí insoláthartha a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a chur in oiriúint don idir-inoibritheacht, an Córas Faisnéise Víosáí (VIS) a uasghrádú, teacht i bhfeidhm Bhunachar Sonraí Dachtalascópacha Eurodac, an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES), ETIAS agus ECRIS-TCN a ullmhú, nó garspriocanna le haghaidh comhpháirteanna idir-inoibritheachta, bonneagair agus gníomhaíochtaí tástála a chomhlíonadh.

4. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra sin maidir le haistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 7 Deireadh Fómhair 2026.
5. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- aistriú na leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 13822/26 iad, agus
- an dréachtlitir atá san IARSCRÍBHINN chuige sin.

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle
chuig : Uachtarán an Choimisiúin
cóip : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtarán,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 23 Meán Fómhair 2024², cuirim in iúl duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 19/2026 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2026.

(Clabhsúr dea-mhéine).

² Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>).